

Aguisín A: Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a chur ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

Briathra gnímh	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a aithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
Cuir i bhfeidhm	eolas agus/nó scileanna a roghnú agus a úsáid chun fadhb a réiteach i gcás nua
Ríomh	freagra uimhriúil a oibriú amach
Rangaigh	rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd
Cuir le chéile	úsáid a bhaint as airíonna cruthanna agus torthaí céimseatúla ar mhaithe le tarraingt go cruinn, ag baint úsáid as na huirlisí céimseatúla a leagtar síos agus iad sin amháin
Tiontaigh	athrú ó fhoirm amháin go foirm eile
Sainmhínigh	[tacar]: riail a thabhairt lena n-aithnítear na baill atá i dtacar
Pléigh	athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí
Meas	luach garbh a shonrú nó a ríomh maidir le cainníocht áirithe
Measúnaigh	breithiúnas a dhéanamh ar bhailíocht nó ar chaighdeán coibhneasta ruda, ina bhféadfadh anailís, comparáid agus codarsnacht, léirmheas, cosaint nó breithiúnas a bheith i gceist

Mínigh	cuntas réasúnta a thabhairt, ina dtaispeántar an dóigh a n-eascraíonn torthaí as cúiseanna
Briathra gnímh	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Ginearálaigh	ráiteas ginearálta a chruthú bunaithe ar chásanna sonracha
Cruthaigh	rud a tháirgeadh nó a ghiniúint
Léirmhínigh	Úsáid a bhaint as eolas agus tuiscint chun an chiall atá le rud éigin a mhíniú i gcomhthéacs
Imscrúdaigh	breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua
Cosain	cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid
Pléigh go matamaiticiúil	léiriú matamaiticiúil a chruthú (m.sh. graf, cothromóid, fíor chéimseatóil) chun cur síos a dhéanamh ar ghné ar leith d'fheiniméan
Cruthaigh	argóint dhéaduchtach a thabhairt chun a léiriú go bhfuil ráiteas ar leith fíor, lena n-áirítear cúiseanna le gach céim san argóint
Slánaigh	an uimhir is gaire d'uimhir áirithe, i ndearbhthéarmaí, a thabhairt san fhoirm riachtanach (mar shampla, iolraí de 100, nó uimhir lena mbaineann trí fhiúir bhunúsacha)
Sceitseáil	graf nó léaráid gharbh a tharraingt gan uirlisí céimseatóla
Réitigh	freagra nó réiteach ar rud éigin a oibriú amach
Luaigh	ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta
Tuig	saineolas a fháil agus a úsáid mar is cúí, agus na naisc idir codanna a fheiceáil
Úsáid	eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh
Deimhnigh	a léiriú go bhfuil ráiteas fíor